



**Cinneadh maidir leis an Ghá le
Measúnacht Chúí
ar
Dhréacht-Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall
2016- 2022 (PÁEP)**

Ullmhaíodh 'dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Dhún na nGall 2016- 2022 (PÁEP)' a bhfuil mar chuspóir aige gnéithe eacnamaíochta agus pobail Chontae Dhún na nGall a threisiú thar thréimhse sé bliana.

Agus measúnú déanta ar an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí suntasacha ann ar Láithreáin Natura 2000 agus ar an Ghréasán mar thoradh ar chur i bhfeidhm an dréacht-PÁEP, agus i ndiaidh comhairliúcháin leis na húdaráis Timpeallachta forordaithe, chinn an tÚdarás Pleanála nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an dréacht-PÁEP ar an Ghréasán Láithreán Natura 2000 agus dá bhrí sin nach bhfuil gá le Measúnacht Chúí ina leith.

Tá tuarascáil mhionsonraithe dar teideal, 'Dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2016- 2022 – Scagadh Deiridh maidir le Measúnacht Chúí (MC) Eanáir, 2016,' a bhfuil an Cinneadh seo mar thoradh uirthi, ar fáil lena scrúdú ach í a iarraidh. Mar achoimre, mar seo a leanas na cúiseanna leis an gCinneadh:

- (i) gníomhaíochtaí de chineál 'bog' atá i gceist le cuid shuntasach de na cuspóirí agus de na gníomhartha agus, dá bhrí sin, níl aon tionchar acu ar láithreáin ná ar Ghréasán Natura 2000; agus;
- (ii) Tá na punanna cuspóirí agus beartas atá ann sna Pleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúil cuimsitheach agus is nithe ábharacha iad i ndáil le tograí i gcomhair toiliú pleanála a bhreithniú agus, dá bharr sin, cinntítear cosaint agus coimirciú nithe a bhaineann le cúrsaí timpeallachta, lena n-áirítear comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga agus maolú cuí a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh tionchair shuntasacha ann.

CRÍOCH
15^ú Eanáir 2016